

BUA NA BEATHA

# THE GIFT OF LIFE



|  |  |    |
|--|--|----|
| Mission Statement                            | <i>Ráiteas Bunchuspóra</i>                                       | 3  |
| Message from the Chairperson                 | <i>Teachtaireacht ón gCathaoirleach</i>                          | 4  |
| Acting Chief Executive's Report              | <i>Tuarascáil Bhliantúil ón bPríomh-fheidhmeannach Gníomhach</i> | 10 |
| National Medical Director's Report           | <i>Tuairisc an Stiúrthóra Náisiúnta Míochaine</i>                | 14 |
| Donor Services National Activity             | <i>Imeachtaí Náisiúnta na Seirbhísí Deontóirí</i>                | 21 |
| Donor Services Regional Activities           | <i>Imeachtaí Réigiúnacha na Seirbhísí Deontóra</i>               | 29 |
| Processing and Testing                       | <i>Próiseáil agus Tástáil</i>                                    | 37 |
| Hospital Services                            | <i>Seirbhísí Ospidéal</i>  | 42 |
| Quality Assurance                            | <i>Ráthú Caighdeán</i>   | 46 |
| Munster Regional Transfusion Centre          | <i>Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan</i>                      | 50 |
| National Haemovigilance Office               | <i>An Oifig Náisiúnta Haemafaireachais</i>                       | 55 |
| Irish Unrelated Bone Marrow Registry         | <i>Clárlann Smior Neamhghaolmhar na hÉireann</i>                 | 60 |
| Therapeutic Apheresis Service                | <i>Seirbhís na hAifiríse Teiripí</i>                             | 63 |
| Recipient Tracing Unit                       | <i>An tAonad um Aimsiú Faighteoirí</i>                           | 67 |
| Information Technology                       | <i>Teicneolaíocht Faisnéise</i>                                  | 70 |
| Human Resources                              | <i>Daonacmhainní</i>   | 76 |
| Communications                               | <i>Cumarsáid</i>   | 82 |
| Finance                                      | <i>Airgeadas</i>   | 86 |
| Corporate Governance                         | <i>Rialachas Corparáideach</i>                                   | 91 |
| Statement of Board Member's Responsibilities | <i>Ráiteas maidir le Dualgais na gComhaltai Boird</i>            | 96 |
| Members of the Board                         | <i>Comhaltai an Bhoird</i>                                       | 97 |
| Irish Blood Transfusion Service              | <i>Seirbhís Fuilaeistriúcháin</i>                                | 99 |



“THE IBTS IS COMMITTED TO EXCELLENCE IN MEETING PATIENTS’ NEEDS THROUGH THE PROFESSIONALISM OF OUR STAFF AND THE GENEROSITY OF OUR DONORS”

## MISSION STATEMENT

### RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

TÁ SFAÉ TIOMANTA DON FHEABHAS AGUS Í AG SOLÁTHAR RIACHTANAS NA N-OTHAR, TRÍ GHAIMIÚLACHT NA FOIRNE AGUS FHLAITHIÚLACHT NA NDEONTÓIRÍ.



“THE OVER-RIDING PRIORITY OF THE IBTS IS TO PROVIDE SUFFICIENT QUANTITIES OF THE HIGHEST QUALITY BLOOD COMPONENTS TO OUR HOSPITALS”

## MESSAGE FROM THE CHAIRPERSON

### TEACHTAIREACTH ÓN GCATHAOIRLEACH

IS Í MÓRTHOSAÍOCHT SFAÉ, DÓTHAIN CAINNÍOCHTAÍ DE  
CHOMHPHÁIRTEANNA FOLA SÁRCHAIGHDEÁIN A CHUR AR FÁIL  
DÁR N-OSPIDÉIL.

## Message from the chairperson

## Teachtaireacht ón gCathaoirleach

It was with a deep sense of honour that I accepted the appointment of chairperson of the Board of the IBTS in October 2003. Having been a Board member for the previous two years I was acutely aware of the significant challenges that lay ahead. I was strongly motivated however, by the dedication and commitment I had witnessed across the organisation. Also I was and I remain anxious and committed to making my contribution to resolving all matters and issues from the past in a sensitive and caring manner.

I am grateful for the support and encouragement I have received during my first months and I look forward with confidence to my term in this important national role.

Mistakes have been made in the past. As I embark on my term of office I offer a sincere apology for the distress and sadness caused by these mistakes. My commitment to ensuring that everything possible is done to avoid such occurrences again is absolute.

The over-riding priority of the IBTS is to provide sufficient quantities of the highest quality blood components to our hospitals. Achieving this is dependent on the application of the most rigorous principles of quality control and quality assurance and by ensuring that all processes used conform to the highest international standards. The Board of the Irish

*Bhraith mé go mba mhór an onóir é nuair a ghlac mé leis an gceapachán mar chathaoirleach ar Bhord SFAÉ i nDeireadh Fómhair 2003. Ós rud é go raibh mé i mo chomhalta Boird le dhá bhliain roimhe sin, ba léir dom go raibh dúshlán shuntasacha romham. Fuair mé spreagadh láidir, áfach, ón diongbháilteacht agus ón tiomantas a thug mé faoi deara ar fud na heagraíochta. Ina theanntas bhí mé riamh, agus táim i gcónaí, fonnmhar agus tiomanta a bheith páirteach ar dhóigh íogair cúramach, i réiteach gach ábhar agus saincheist ón am atá thart.*

*Táim buíoch as an tacaíocht agus as an spreagadh a fuair mé le linn mo chéad mhí anseo agus táim ag dréim go muiníneach le mo théarma sa ról tábhachtach náisiúnta seo feasta.*

*Rinneadh dearmaid san am atá thart. Agus mé ag tosú anois ar mo théarma oifige, gabhaim leithscéal ó chroí de bharr an angair agus an bhróin a chothaigh na dearmaid seo. Geallaim a chinntiú, gan agus, go ndéanfar gach rud is féidir chun teagmhais dá leithéid a sheachaint sa todhchaf.*

*Is í an mhóorthosaíocht atá ag SFAÉ, dóthain cainníochtaí de chomhpháirteanna fola sárchaighdeáin a chur ar fáil dár n-ospidéal. Chun seo a bhaint amach is gá dúinn na prionsabail is déine a fheidhmiú i leith rialú caighdeán agus ráthú cáilíochtaí, agus a chinntiú go bhfuil gach*

Blood Transfusion Service will vigorously support Management in the achievement of this critical priority.

The function of the Board is to ensure that all matters of governance are carefully monitored and managed on behalf of our key stakeholders. In the immediate term progress on the following challenges will be closely monitored until satisfactory resolutions are achieved.

Interim measures are being put in place in our Munster Centre in Cork to deal with concerns highlighted in our Regulators Report of February this year. However, this is purely a short-term solution as we await the development of a new centre in Cork. The Board is committed to ensuring that both Cork and Dublin Centres will operate to the highest international standards and will be acknowledged as Centres of Excellence in the services which they each provide.

They come and give generously of their time and their blood – our Donors, quiet heroes and heroines. We will strive to meet their needs and we will continue to acknowledge the fundamental importance of their contribution. Given the necessary restrictions which now apply in certain situations, we need to increase our donor numbers substantially this year to ensure adequate blood supply. Management will be given

*próiseas a úsáidtear ag teacht leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. Tacóidh Bord Sheirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann go fuinniúil leis an mBainistíocht chun an tosaíocht chriticiúil seo a bhaint amach.*

*Is í feidhm an Bhoird, a chinntiú go ndéantar monatóireacht agus bainistíocht chúramach ar gach ábhar rialachais thar cheann ár bpríomhpháirtithe leasmhara. Déanfar dlúthmhonatóireacht sa tréimhse atá romhainn ar na dúshláin a bheidh ann, go dtí go dtiocfar ar réitigh shásúla.*

*Tá bearta eatramhacha á gcur i bhfeidhm againn in Aonad na Mumhan i gCorcaigh, chun déileáil leis na hábhair imní a léiríodh i dTuarascáil ár Rialtóra i bhFeabhra na bliana seo. Nil anseo ach réiteach gearrthéarmach, áfach, fad atáimid ag fanacht le forbairt an Ionaid nua i gCorcaigh. Tá an Bord geallta a chinntiú go bhfeidhmeoidh na hIonaid i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath ar na caighdeáin idirnáisiúnta is airde, agus go nglacfar leo mar Ionaid Feabhais ó thaobh na seirbhísí a chuireann siad ar fáil.*

*Tagann agus tugann siad go fial dá gcuid ama agus fola – ár nDeontóirí, na laochra ciúine. Déanfaimid tréaniarracht a gcuid riachtanas a fhreastal, agus admhóimid i gcónaí buntábhacht a gcodasan den obair. Leis na srianta riachtanacha atá i bhfeidhm i gcásanna áirithe anois, is gá dúinn líon ár ndeontóirí a mhéadú go*

every possible support by the Board as innovative and creative methods are sought to broaden and maintain our donor base. I appeal to our colleagues in the media to support all of us in this exercise.

Developing Centres of Excellence requires continuous dedication and learning. Currently there exists in the IBTS a considerable bank of expertise, knowledge and experience. I want this to be acknowledged, and advanced during my term. Research and Development opportunities will be sought and will be given priority. This may involve the establishment of formal links with University Medical Schools, which will further develop and protect our intellectual capital in the area of Transfusion Medicine.

Over this year the Board will work closely with the Chief Executive and Senior Management Team to build commitment to the strategic plan and re-organisation process. These initiatives are hugely important as we construct a professional organisation characterised by the highest standards of safety and quality and an environment where every person is treated with dignity and respect. The strategic plan will herald a number of important organisational developments with an immediate focus on management development which I see as critical to our organisational success.

*mór i mbliana d'fhonn leorsholáthar fola a chinntiú.*

*Tabharfaidh an Bord gach tacaíocht is féidir don bhainistíocht, fad atá módhanna nuálacha cruthaitheacha á lorg againn chun ár mbonn deontóirí a leathnú. Achainim ar ár gcomhleacaithe sna Meáin tacú linn uile sa ghnó seo.*

*Chun Ionaid Feabhais a fhorbairt, tá gá le tiomnú agus le foghlaim leanúnach. Tá banc réasúnta saineolais, eolais agus taithí ar fáil i SFAÉ faoi láthair. Is mian liom go n-admhófar agus go gcothófar seo le mo linn. Beidh deiseanna Taighde agus Forbartha á lorg agus tabharfar an tosaíocht chuí dóibh. D'fhéadfaí, dá mbarr, naisc fhoirmeálta a bhunú le Coláistí Míochaine Ollscoile, rud a fhorbróidh agus a chaomhnóidh a thuilleadh an caipiteal intleachtúil atá againn i réimse na Míochaine Aistriúcháin.*

*I rith na bliana seo, oibreoidh an Bord go dlúth leis an bPríomh-Fheidhmeannach agus leis an bhFoireann Bainistíochta Shinsearach chun tiomantas don phlean straitéiseach agus don phróiseas atheagrúcháin a chothú. Tá na tionscnaimh seo thar a bheith tábhachtach, fad atá eagraíocht ghairmiúil á tógail againn a bheidh inaitheanta óna sárchaighdeáin sábháilteachta agus cáilíochta, agus ón gcomhshaol ina gcaitear le daoine le dinit agus le hurraim. Tionscnóidh an plean straitéiseach roinnt forbairtí eagraíochta, ag cur béime láithreach ar fhorbairt na bainistíochta, rud atá criticiúil, dar liom, má*



The Health Services Reform Programme will undoubtedly have an impact on the IBTS. I believe that as an organisation and as individuals we will be well placed to manage the changes presented and to avail of the opportunities and benefits, which will ensue.

I wish to pay tribute to my Board colleagues for their voluntary service and for their support to me personally. I welcome our new Board members, David Lowe, David Keenan and Sean Wyse who have joined us this year. I acknowledge the contribution made by my predecessor Michael McLoone during his term as chairman.

To Andy Kelly I offer my congratulations and support on his appointment as Chief Executive and I thank him for all he has contributed.

To all those staff members who have worked so diligently and with such commitment and loyalty over the past year, for all you have achieved and for the foundation for future progress which you have laid down – I say Thank You.

The expertise, loyalty and commitment within the IBTS must be harnessed and used to energise our drive for excellence. We must continue to improve, to match the best international standards, to deliver value for money and to exceed the expectations of our

*tá rath le teacht ar an eagraíocht.*

*Nil amhras ach go mbeidh tionchar mór ag Clár Leasaithe na Seirbhísí Sláinte ar chúrsaí SFAÉ. Creidim go mbeidh cruth maith orainn mar eagraíocht agus mar dhaoine chun bainistiú a dhéanamh ar na hathruithe a chuirfear romhainn agus chun leas a bhaint as na deiseanna agus buntáistí a thioctfaidh dá mbarr.*

*Is mian liom mo chomhghleacaithe Boird a mholadh as an seirbhís dheonach a thugann siad agus as a dtacaíocht domsa go pearsanta. Cuirim fáilte roimh ár gcomhaltai Boird nua, David Lowe, David Keenan agus Seán Wyse, a tháinig chugainn i mbliana. Aithnim an méid a rinne mo réamhtheachtaí, Michael McLoone, le linn dó a bheith ina chathaoirleach. Déanaim comhairdeachas le Andy Kelly agus tairgim mo thacaíocht dó, arna cheapadh mar Phríomh-Fheidhmeannach, agus gabhaim buíochas leis as gach a bhfuil curtha i gcrích aige féin.*

*Do na baill foirne siúd uile a d'oibrigh go dícheallach agus leis an oiread sin tiomantais agus dílseachta sa bhliain atá caite, as a bhfuil bainte amach agaibh agus as an mbunsraith atá leagtha agaibh don dul chun cinn feasta, - deirim Go Raibh Maith Agaibh!*


*Ní mór leas a bhaint as an saineolas, dílseacht agus tiomantas uile atá i SFAÉ, agus iadsan a úsáid chun fuinneamh a chur lenár dtóir ar chúrsaí feabhais.*

stakeholders – Donors, Patients, Hospitals and the Minister for Health & Children. This can be achieved by creating an environment where change is embraced, where achievement of standards is paramount, where each individual can develop by being part of a successful team and where every person feels proud to be involved in the IBTS.

Maura J. McGrath | Chairperson

*Caithfimid a bheith ag feabhsú i gcónaí, chun bheith inchurtha leis na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr, chun luach ar airgead a thabhairt agus chun ionchais ár bpáirtithe leasmhara a shárú, fiú – ár nDeontóirí, Othair, Ospidéal agus an tAire Sláinte agus Leanaí. Is féidir seo a bhaint amach trí gcomhshaol a chruthú ina nglacfar go fonnmhar le hathrú, ina gcuirfear aimsiú na n-ardchaighdeán roimh gach ní eile, ina bhféadfaidh gach duine é/í féin a fhorbairt trí bheith páirteach i bhfoireann rathúil, agus ina mbeidh gach duine bródúil as a bheith páirteach i SFAÉ.*

Maura J. McGrath | Cathaoirleach



“ IN 2003 THE IBTS WAS  
ABLE TO MEET HOSPITAL  
DEMANDS THROUGHOUT  
THE YEAR DUE TO THE  
GENEROSITY OF DONORS ”

## ACTING CHIEF EXECUTIVE'S REPORT

## TUAIRISC ÓN BPRÍOMH-FHEIDHMEANNACH GNÍOMHACH

I 2003 BHÍ SFAÉ IN ANN FREASTAL AR ÉILIMH

NA N-OSPIDÉAL I RITH NA BLIANA, DE BHARR

FHLAITHIÚLACHT NA NDEONTÓIRÍ

# Acting Chief Executive's Report

# Tuairisc ón bPríomh-fheidhmeannach Gníomhach

In 2003 the IBTS was able to meet hospital demands throughout the year due to the generosity of donors who continue to support the service and patient care in this country. Though there have been many developments in medicine over the past number of years, the one thing that has not changed and will not change for the foreseeable future is our reliance on volunteer donors who will remain the cornerstone of our system. We salute those donors and we ask that more of our regular donors return to donate, that lapsed donors who have not donated for some time would rekindle their interest in ensuring the availability of blood for patients and that we continue to attract new donors to the service.

In response to our donor comments on waiting times at clinics we opened a new donation centre in Stillorgan, Co. Dublin, on 15th December. This centre will operate on an appointment basis only and will ensure a better donation experience for our donors.

During the year we introduced the Progesa computer system which allows us to electronically take information from donors at our clinics and also for our staff to view the details of any donor on our database irrespective of the location they come to donate. The implementation of this system was achieved through the tremendous commitment and support of a range of people and it has been an enhancement in the service we provide to patients in this country.

Safe transfusion therapy depends on a shared responsibility from donors, blood transfusion service, clinicians, laboratory, clinic teams and regulatory bodies. We will continue to work closely with our

*I 2003 bhí SFAÉ in ann freastal ar éilimh na n-ospidéal i rith na bliana, de bharr fhlaithiúlacht na ndeontóirí a thugann tacaíocht i gcónaí don tseirbhís agus do chúram na n-othar sa tír seo. Cé gur tharla go leor forbairtí i gcúrsaí leighis le blianta beaga anuas, an t-aon ní nár athraigh agus nach n-athróidh sa todhchaí ionchais is ea ár muinín as na deontóirí deonacha a bheidh mar chloch cúinne ag ár gcóras i gcónaí. Beannaímid do na deontóirí sin uile, agus iarraidimid go bhfillfidh níos mó dár ndeontóirí rialta orainn, go bhfaighidh na deontóirí nár fheidhmigh le tamall inspreamhadh chun an soláthar fola a chinntiú d'othair, agus go leanfaimid féin ag mealladh deontóirí nua chun na seirbhíse.*

*Mar fhreagra ar dheontóirí a dhéanann tagairt don am feithimh ag clinicí, d'oscloim ar lárionad deonacháin nua i Stigh Lorgan, Co. Bhaile Átha Cliath, ar an 15ú Nollaig. Feidhmeoidh an lárionad seo ar bhonn coinne amháin agus cinnteoidh sé go mbeidh ócáid deonacháin níos sásúla ann dár ndeontóirí feasta.*

*I rith na bliana thionscnaíomar Córas Ríomhaireachta Progesa, a ligeann dúinn faisnéis a ghlacadh go leictreonach ó dheontóirí inár gclinicí agus a ligeann dár bhfoireann, ag an am céanna, sonraí aon deontóra atá ar ár mbunachar sonraí a bhreathnú, cibé ionad ina ndéantar an deonúchán. Cuireadh an córas seo i bhfeidhm le tiomantas iontach agus tacaíocht ó raon leathan daoine, agus is formhaisiú é ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil d'othair na tíre.*

*Tá teiripe sábháilte fuilaisriúcháin ag brath ar chomhroinnt na freagrachta idir deontóirí, an tseirbhís fuilaisriúcháin, cliniceoirí, an tsaotharlann, foirne clinice agus comhlachtaí rialaitheacha. Leanfaimid ar aghaidh*

hospital colleagues in ensuring that the donations given by our volunteer donors are used to best effect in the most appropriate circumstances.

In line with our commitment to developing a new centre in Cork we submitted a design brief to the Department of Health and Children in March 2003 for a new centre encompassing testing including NAT. By year-end we were awaiting the announcement of the appointment of a design team for the centre and we will be actively pursuing this development in 2004 to ensure that we have facilities in Cork appropriate to a modern transfusion service.

We have embarked on providing an interim solution in Cork and this was under development at the end of 2003. This development will deal with a number of the concerns of our regulator and is seen as an interim arrangement pending the development of a new centre for Cork on the campus of Cork University Hospital.

We developed the NAT laboratory at the National Blood Centre during 2003 and by December it was being commissioned and validated with a view to having parallel testing with the Scottish National Blood Transfusion Service in January 2004 prior to 'go live' in Dublin. This is a very important development for the IBTS and once the system has stabilised in Dublin we intend to implement NAT in Cork in 2005.

In December the Irish Medicines Board inspected our two processing facilities and our regional centres and mobile clinics. We must ensure that we maintain our strong focus on the maintenance of the highest

*ag oibriú go dlúth lenár gcomhleacaithe ospidéal chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr i gcónaí as deonacháin ár ndeontóirí deonacha faoi na cúinsí is oiriúnaí.*

*Ag teacht lenár ngeallúint ionad nua a fhorbairt i gCorcaigh, chuireamar sonraí deartha faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanai i Márta 2003 le haghaidh aonaid nua a chuimseoidh cúrsaí tástála, lena n-áirítear TAN. Faoi dheireadh na bliana bhíomar ag feitheamh ar fhógra go raibh foireann deartha ceaptha don aonad, agus beimid ag gabháil go gníomhach den fhorbairt seo i 2004, lena chinntiú go mbeidh na háiseanna againn i gCorcaigh a oireann do sheirbhís fuilaistriúcháin chomhaimseartha.*

*Táimid tosaithe ar réiteach eatramhach a sholáthar i gCorcaigh agus bhí forbairt á déanamh air seo faoi dheireadh 2003. Pléfidh an fhorbairt seo le cuid de na cúraimí atá ag ár rialtóir, agus féachtar air mar shocrú eatramhach go dtí go bhforbrófar ionad nua do Chorcaigh ar champas Ospidéal Ollscoil Chorcaí.*

*D'fhorbraiomar an tsaotharlann TAN sa Lárionad Náisiúnta Fola le linn 2003 agus um Nollaig bhí sí á coimisiúnú agus a bailíocht á dearbhú chun go mbeadh sí in ann reáchtáil comhthreomhar le Seirbhís Fuilaistrithe Náisiúnta na hAlban in Eanáir 2004, sula gcuirfí ag feidhmiú i mBaile Átha Cliath í. Is forbairt iontach tábhachtach í seo do SFAÉ agus, a luaithe a bheidh bonn curtha faoin gcóras i mBaile Átha Cliath, tá beartaithe againn TAN a fheidhmiú i gCorcaigh i 2005.*

*I mí na Nollag scrúdaigh Bord Míochaine na hÉireann an*

standards under Good Manufacturing Practice and continue to build on the solid foundations that have been set in the past number of years.

Blood transfusion services across the world face ever-changing demands and challenges such as vCJD, West Nile Virus and SARS. The IBTS is well placed to deal with these threats and through the commitment and dedication of our staff at all locations we have created a blood system in Ireland that is effective, efficient and worthy of the support of the public. To retain this position we must continue to develop and continue to provide a transfusion service that is on par with the best in the world.

I would like to express sincere appreciation to Mr Michael McLoone, Chairman of the Board to 31st August 2003, for his commitment, support and hard work in dealing with the many issues facing the organisation. I would also like to wish Ms Maura McGrath well as she assumes the position of Chairperson for the next three years. To all staff across the organisation, I would like to thank you most sincerely for your continued commitment and dedication to the work of the IBTS and patient care in this country.

**Andrew Kelly** | Acting Chief Executive

*dá áis phróiseála agus na hionaid réigiúnacha ina bhfuil clinicí soghluaiste againn. Caithfidimid a bheith cinnte súil ghéar a choinneáil ar na sárchaighdeáin atá againn i leith Dea-Chleachtais Déantúsaíochta agus tógáil ar an mbunsraith daingean a leagadh síos sna blianta beaga atá thart.*

*Tá na héilimh agus na dúshláin ó leithéidí vGCJ, Vireas Iarthar na Níle agus GSTR ag síorathrú ar na seirbhísí fuilistriúcháin ar fud an domhain. Tá eagar maith ar SFAÉ anois chun tabhairt faoi na bagairtí seo agus, de bharr thiomantas agus thoirbhirt na foirne i ngach ionad dár gcuid, tá córas fola ceaptha againn d'Éirinn atá éifeachtach agus éifeachtúil, agus is fiú í le tacaíocht an phobail a ghnóthú. Má táimid leis an staid seo a chaomhnú, caithfidimid leanúint ag forbairt agus ag soláthar seirbhíse fuilistriúcháin atá ar chomhleibhéal leis an gcuid is fearr ar domhan.*

*Ba mhaith liom mo mheas dlíis a chur in iúl do Mr. Michael McLoone, a bhí mar Chathaoirleach an Bhoird go dtí an 31ú Lúnasa 2003, as an tiomantas, tacaíocht agus saothar crua a chaith sé leis na ceisteanna uile a tháinig roimh an eagraíocht. Ba mhaith liom, freisin, gach rath a ghuí ar Ms. Maura McGrath a ghlacfaidh post an Chathaoirligh don trí bliana atá romhainn. Maidir leis an bhfoireann uile ar fud na heagraíochta, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil libhse as bhur dtiomantas agus bhur ndíonbháilteacht i leith obair BFAÉ agus cúraim othar sa tír seo.*

**Andrew Kelly** | Príomhfheidhmeannach Gníomhach



“ IN 2003 THE INEXORABLE  
DRIVE TO IMPROVE THE  
SAFETY PROFILE OF BLOOD  
TRANSFUSION LED TO  
SEVERAL KEY EVENTS AND  
INITIATIVES AT THE IBTS ”

## NATIONAL MEDICAL DIRECTOR'S REPORT

### TUAIRISC AN STIÚRTHÓRA NÁISIÚNTA MÍOCHAINÉ

I 2003 THARLA ROINNT TEAGMHAS AGUS TIONSCNAMH

FÍORTHÁBHACHTACHA I SFAÉ, DE THORADH IARRACHTAÍ GAN STAONADH  
CHUN PRÓIFÍL SÁBHÁILTEACHTA AN FHUILAISTRIÚCHÁIN A FHEABHSÚ.

# National Medical Director's Report

# Tuairisc an Stiúrthóra Náisiúnta Míochaine

Blood and its components – red blood cells, platelet concentrates, plasma, cryoprecipitate and leucocytes – are medicines, used to treat patients whose life might be saved or whose health might be preserved or enhanced by receiving them.

Red cell transfusions are used to deliver oxygen to tissues; platelets prevent or stop bleeding in some patients with bleeding disorders; so do plasma and cryoprecipitate in other, similar, disorders. Leucocytes are rarely used therapeutically – when they are it is to supplement intensive antibiotic therapy in patients with overwhelming infections.

Like any medicine, blood components are assessed in terms of two things: efficacy – do they do what they are supposed to do? What is the best effective dose; and safety – do they cause unwanted additional effects? Are they toxic in large doses.

Surprisingly, answers to many seemingly basic questions about the efficacy of blood transfusion are not really known yet. Do we collect and store products in the best way to ensure that they deliver the intended therapeutic effect? Is the red cell unit stored for five weeks or more as effective in a patient on Intensive Care as it undoubtedly is for a patient on the medical wards? Can the efficacy of platelets be enhanced to improve their ability to stop

*Cógais leighis atá san fhuil agus a comhpháirteanna – fuilchealla dearga, comhdhlúthúcháin pláitíní, plasma, críóidheascán agus leocaicítí - a úsáidtear mar chóireáil do dhaoine a bhféadfai a mbeatha a shábháil nó a sláinte a chaomhnú nó a fheabhsú, b'fhéidir, dá bhfaighidís iad.*

*Úsáidtear aistrithe cealla dearga chun ocsaigin a sheachadadh chuig na fíocháin: coscann nó stopann na pláitíní an fuiliú i ndaoine áirithe a mbíonn mí-eagair fuilithe ag cur orthu; is amhlaidh freisin do phlasma agus do chríóidheascán i gcás mí-eagar eile den sórt céanna. Is annamh a úsáidtear leocaicítí go teiripeach – má dhéantar, is chun cur le dianteiripe antaibheathach é i gcás othar a bhfuil ionfhabhtuithe coscracha acu.*

*Ar nós cógais ar bith eile, déantar comhpháirteanna fola a mheas i dtéarmaí dhá rud: éifeachtúlacht – an ndéanann siad an rud a bhfuil siad ceaptha a dhéanamh? Cad í an dháileog is éifeachtaí; agus sábháilteacht – an mbíonn torthaí breise orthu nach bhfuil ag teastáil? An mbíonn iarmhairtí tocsaineacha ann le dáileoga móra?*

*Aisteach go leor, níl freagraí faighte go fóill ar mhórán de na ceisteanna faoi éifeachtúlacht fuiláistriúcháin a mheasfa a bheith bunúsach. An bhfuil tairgí á mbailiú agus á stóráil againn ar an dóigh is fearr lena chinntiú go mbeidh an éifeacht teiripeach leo a bhfuiltear ag súil*



haemorrhage? What is the best dose of red cells, or platelets, in each different patient?

Although the efficacy of blood components and its optimisation is being addressed at present, for many years the emphasis has been mainly on safety, and particularly on the risk of transmitting infection by transfusions. The risks of transmitting known infections – most particularly HIV and HCV, but also others with less spectacular billing such as HBV, CMV, parvovirus B19 – along with the unknown risks of transmitting new infections, continue to dominate the world of blood transfusion.

In 2003 the inexorable drive to improve the safety profile of blood transfusion led to several key events and initiatives at the IBTS, and on the international scene; and at the close of the year the reality of the continuing threats to which these essential medicines are exposed was re-emphasised in the most forceful manner.

The year was ushered in with the coming into force of EU Directive 2002/98/EC on the 8th of February. This dry text, replete with recitals, articles and annexes, is the first legislative instrument in Europe concentrating on health rather than trade, foreign affairs, the free movement of citizens, or the other administrative functions of the EU. It sets up a mechanism for

*léi? I gcás aonad de chealla dearga a stóráladh ar feadh cúig seachtainí nó níos mó, an mbeadh an éifeacht chéanna acu ar othair atá faoi Dhianchúram is a bhíonn, gan amhras, ar othair sna bardaí míochaine? An féidir éifeacht na bpláitíní a fheabhsú, chun cur lena gcumas rith fola a stopadh? Cad é an dháileog is fearr de chealla dearga nó de phláitíní i gcás aon othair ar leith?*

*Cé go bhfuiltear ag plé faoi láthair le héifeacht comhpháirteanna fola agus leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint aisti, bhí an phríomhbhéim le go leor blianta ar an tsábháilteacht, agus go háirithe ar an mbaol go ndéanfaí ionfhabhtú a tharchur le haistriúcháin. I saol an fhulaistriúcháin, tá an phríomhbhéim i gcónaí ar na baoil atá ann go dtarchuirfí ionfhabhtuithe aitheanta – go háirithe VEID agus VHC, chomh maith le cinn nach bhfuil chomh suntasach céanna, ar nós VHB, CMV, parvovíoras B19 – agus ar na priacail anaithnide a bhaineann le hionfhabhtuithe nua a tharchur.*

*I 2003 tharla roinnt teagmhas agus tionscnamh fíorthábhachtacha i SFAÉ agus go idirnáisiúnta, de thoradh na n- iarrachtaí gan staonadh chun próifíl sábháilteachta an fhulaistriúcháin a fheabhsú; agus ag deireadh na bliana leagadh béim láidir arís ar réaltacht na mbaol leanúnach atá ag bagairt ar na míochainí riachtanacha seo.*

*Ag tús na bliana, ar an 8ú Feabhra, feidhmíodh*

ensuring that Member States achieve, maintain, and enforce high standards in the quality and safety of blood transfusion – both for blood donors, and for the patients who receive the products of their donations. The Member States have two years to comply with the requirements – until 8 February 2005. This will have considerable consequences for the IBTS, as well as for the Irish Medicines Board, the Department of Health and Children, and all hospital blood banks. It will dominate the agenda in 2004 and beyond.

Within the terms of this defining legislation, the EU Commission set out technical standards in transfusion – standards for donors, for the products themselves, for their transport, storage, testing and quality control. These technical specifications were defined during 2003, and finally adopted at the end of the year. Further specifications relating to systems of adverse event reporting, traceability of individual blood components, and quality systems, will be worked on during the next year or so.

The fact that blood transfusion emerged as the leading issue of public health concern in Europe reflects both the troubled history of this form of therapy, and the constant effort required to ensure its quality and safety. At home, new initiatives to enhance safety, to deal with new threats, or escalate our defence against old ones were begun, progressed or implemented. In

*Rialacháin 2002/98/EC an AE. Is é an téacs tur seo, lena aithrisí, ailt agus aguisíní, an chéad ionstraim reachtúil de chuid na hEorpa a bhain le sláinte, seachas le trádáil, gnóthaí eachtracha, saorghluaiseacht saoránach, nó feidhmeanna riaracháin eile an AE. Bunaíonn sé meicníocht lena chinntiú go n-aimsíonn, go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn na Ballstáit na hardchaighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta i gcúrsaí fuiláistriúcháin – ar mhaithe leis na deontóirí fola agus, freisin, na hothair a fhaigheann táirgí na ndeonachán. Tá dhá bhliain ag na Ballstáit chun na riachtanais a chomhlíonadh – go dtí an 8ú Feabhra 2005. Beidh neart iarmhairtí ag gabháil leis seo do SFAÉ agus, freisin, do Bhord Míochaine na hÉireann, don Roinn Sláinte agus Leanaí agus do bhainc fola na n-ospidéal uile. Beidh sé ar thús cadhnaíochta i gclár oibre 2004, agus ina dhiaidh.*

*Mar chuid de théarmaí na reachtaíochta sainmhínte seo, leag an AE amach na caighdeáin theicniúla le haghaidh aistriúcháin – caighdeáin do dheontóirí, do na táirgí féin, dá n-iompar, stóráil, tástáil agus do rathú na gcaighdeáin. Sainmhíodh na sonrachaí teicniúla seo le linn 2003, agus glacadh leo ansin ag deireadh na bliana. Beifear ag oibriú, ar feadh bliana nó mar sin, ar shonrachaí breise a bhaineann le córais tuairiscithe do theagmhais dhíobhálacha, le hinaimsitheacht comhpháirteanna fola ar leith, agus le córais caighdeáin. An tslí ar tháinig an fuiláistriúchán chun cinn mar*

April, the IBTS hosted the first major conference of the European Blood Alliance – a formal union of the national transfusion services of the EU – to address the utility and scope of available techniques to inactivate bacteria, viruses and other infections or parasites in blood components. The promises of this approach are perhaps a few years away yet from being fulfilled, but the conference was valuable in allowing blood services to develop national strategies to prepare for this eventual implementation in the years to come. In the meantime the IBTS was able to begin the development and implementation of a novel strategy to address the risk of inadvertent bacterial contamination of platelets, an uncommon but serious complication of platelet transfusion for which no effective elimination strategy has been found to date.

During 2003 the building of the first of the IBTS NAT laboratories for screening blood donations using PCR was completed at the Dublin Centre. While all donations have been tested using this ultra sensitive test for several years, up till now the testing has been done for us in Edinburgh – an extremely successful programme of co-operation at several levels. Installing the technology in Ireland for large-scale rapid screening increases our flexibility to introduce new tests for viruses in the future.

A new virus did threaten in 2003. For several years

*phríomhchúram sláinte poiblí san Eoraip, léiríonn sí stair thrioblóideach na cineála seo teiripe agus an siorriarracht a theastaíonn chun caighdeán agus sábháilteacht a chinntiú. Anseo sa bhaile tosaiodh, cotháíodh nó feidhmíodh tionscnaimh chun an tsábháilteacht a fheabhsú in aghaidh bagairtí nua, agus an chosaint ar na seanchinn a neartú. I mí Aibreáin, bhí SFAÉ ina hóstaí ar an gcéad mhór-Chomhdháil de Chomhaontas Fola na hEorpa – aontas foirmeálta de sheirbhísí aistriúcháin an AE – d'fhonn aghaidh a thabhairt ar áisiúlacht agus ar scóip na dteicnící atá ann faoi láthair chun baictéir víorais, agus ionfhabhtaithe nó paraisítí eile i gcomhpháirteanna fola a dhíghníomhú. Glacfaidh sé roinnt blianta le geallúintí an chuir chuige seo a aimsiú, ach bhí an chomhdháil luachmar sa mhéid gur lig sí do na seirbhísí fola a straitéisí náisiúnta a fhorbairt mar ullmhú don fhorfheidhmiú iarmhartach seo sna blianta atá le teacht. Idir an dá linn bhí ar chumas SFAÉ tosú ar nuastraitéis a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú chun díriú ar an mbaol go mbeadh pláitíní á salú go faillíoch le baictéir, fadhb neamhchoitianta ach thromaí a bhaineann le haistriú pláitíní, agus ceann nach bhfuil aon straitéis éifeachtach faighte lena shárú go fóill.*

*Bhí bagairt ó víreas nua i 2003. Le roinnt blianta anuas tháinig Víreas Iarthar na Níle chun cinn i SAM i rith an tsamhraidh gach bliain, á scaipeadh ag éin agus corrmhiola, agus ag cur ar líon méadaithe daoine i*

West Nile Virus has emerged in the USA every summer, spread from birds by mosquitoes, and affecting humans in increasing numbers in more and more states of the USA, and in Canada, every year. In 2003 it also spread to northern Mexico. In 2002 it became apparent that people could spread the disease by blood transfusion if they donated in the interval between their being bitten by a carrier mosquito and their developing a clinical illness from the virus – a period of about 3 weeks. These transfusion-transmitted cases were sometimes fatal. And so, in time for the mosquito season in 2003, the IBTS deferred everyone returning from the USA, Canada, and later on, Mexico, from donating blood for four weeks, to ensure that no-one in the incubation period for West Nile Disease could inadvertently cause harm to a patient – the very opposite of what they had set out to do in coming to donate blood.

For several years, the IBTS has introduced measures to offset the threat that variant Creutzfeldt-Jakob Disease – vCJD, the human form of mad cow disease – might possibly be spread by blood transfusion. These measures, filtering blood to remove white cells (thought to be a major potential route of transmission) deferring donors who had spent five years or more in the UK, importing plasma from the blood centre in San Antonio, and initiatives to optimise blood use at

*mbreis stát de chuid SAM agus i gCeanada. I mbliana, leath sé go Tuaisceart Mheicsiceo. I 2002 tugadh faoi deara go bhféadfaí an galar a leathadh trí fhuilaidriúchán, dá dtabharfadh daoine deonachán sa tréimhse idir cealg a fháil ó chormhiol ar iompróir é agus an tinneas cliniúil a fháil ón víreas – tréimhse de thart ar 3 sheachtain. Na cásanna seo a tarchuireadh le haistriúcháin, bhíodh siad marfach uaireanta. Mar sin de, in am agus i dtráth do shéasúr na gcorrmiolta i 2003, chuir SFAÉ bac ar gach duine a d'fhill ó SAM, Ceanada agus níos moille, Meicsiceo, fuil a dheonadh go ceann ceithre seachtaine, lena chinntiú nach ndéanfadh éinne, sa tréimhse goir ag Galar Iarthar na Níle, dochar gan coinne d'othar – a mhalairt is a bhí ar intinn acu nuair a tháinig siad a dheonadh fola.*

*Le roinnt blianta anuas, thionscain BFÉ roinnt bearta le cur in aghaidh an bhaoil go bhféadfaí Galar Creutzfeldt-Jakob athraitheach – GCJa, an fhoirm dhaonna de ghalar na bó buile – a leathadh, b'fhéidir, trí fhuilaidriúchán. Ainneoin nárbh eol gur tharla aon tarchur trí aistriúcháin, glacadh na céimeanna seo: fuil a scagadh chun cealla bána a bhaint aisti (óir measadh go bhféadfadh siad a bheith ina bpríomh-mheán tarchuir), deontóirí a choinneáil siar má chaith siad cúig bliana nó níos mó sa RA, plasma a ollmhairiú ó ionad fola San Antonio, agus tionscnaimh chun úsáid fola sna hospidéal a uasmheadú. Ach i mí na Nollag glanadh an éiginnteacht nuair a*

the hospitals, were taken in spite of the fact that transmission by transfusion had not been known to occur. But in December that uncertainty was resolved when the Secretary of State for Health in the UK announced the tragic link between a donor who had gone on to develop vCJD after a donation in 1996 and the subsequent appearance of vCJD in the recipient of the donation, over six years later. It could have been just co-incidence, but the odds against that are staggering.

These events serve to remind us continually of the global nature of the threats to blood safety: on one hand, a disease of birds in the USA, probably brought in by a mosquito hitching a ride on an international flight to New York; on the other hand a change in meat rendering practices in the UK in the 1970s each resulted in unforeseen and unforeseeable consequences for blood safety. Our approach to blood safety has to be geared to deal with this form of global threat – constant surveillance, and readiness to react rapidly and definitively when problems emerge. We do not know where the next problem will come from. But we can be fairly sure it will come.

**Dr William Murphy** |

National Medical Director

M.D., FRCPEdin, FRCPath

*d'fhógair an Rúnaí Stáit um Shláinte sa RA go raibh ceangal tragóideach idir deontóir a thóg GCJa i ndiaidh fuil a dheonadh i 1996 agus faighteoir an deonacháin a fuair GCJa níos mó ná sé bliana ina dhiaidh sin. B'fhéidir gur chomhtharlú a bhí ann, go díreach, ach tá na corrlaigh ina choinne sin do-áirithe.*

*Cuireann na teagmhais seo gné dhomhanda na mbagairtí atá roimh shábháilteacht na fola in iúl dúinn go leanúnach; ar láimh amháin, galar éineacha i SAM, tugtha isteach is dócha ag corrmhiol a ghlac síob ar eitilt idirnáisiúnta go Nua-Eabhrach; ar an lámh eile, an t-athrú a tháinig ar chleachtais ghéghlanta feola sa RA sna 1970í, bhí iarmhairtí leo nach raibh, agus nach bhféadfadh, súil a bheith leo ó thaobh sábháilteachta fola de. Is gá go mbeadh cur chuige againn i leith sábháilteachta fola atá ceaptha chun déileáil leis an gcineál bagartha domhanda seo – cur chuige atá síorfhairéach agus réidh chun frithghníomhú go gasta dearfach má tharlaíonn fadhbanna. Ní heol dúinn cad as a thioctfaidh an chéad fhadhb eile. Ach is féidir a bheith measartha cinnte go dtiocfaidh sí.*

*Dr William Murphy* |

*An Stiúrthoir Náisiúnta Míochaine*

*M.D., FRCPEdin, FRCPath*



“BLOOD FOR LIFE WEEK HAD THE SUPPORT OF A NUMBER OF WELL KNOWN IRISH PERSONALITIES”


## DONOR SERVICES NATIONAL ACTIVITY

### IMEACHTAÍ NAISIÚNTA NA SEIRBHÍSÍ DEONTÓIRÍ


BHÍ TACAÍOCHT AG SEACHTAIN NA FOLA

DON BHEATHA Ó ROINNT DE


MHÓRPHEARSAIN SPÓIRT NA HÉIREANN.




| NATIONAL WHOLE BLOOD DONATIONS |        |        |
|--------------------------------|--------|--------|
|                                | 2002   | 2003   |
| Attended                       | 196587 | 186345 |
| Procured                       | 155056 | 146078 |
| Deferred                       | 41533  | 40357  |
| Deferral Rate                  | 21.10% | 21.70% |



| MONTHLY DONATIONS PROCURED PER CENTRE |              |              |              |              |              |              |              |              |              |              |              |              |
|---------------------------------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|--------------|
| Location                              | Jan          | Feb          | March        | April        | May          | June         | July         | Aug          | Sept         | Oct          | Nov          | Dec          |
| Ardee                                 | 1911         | 1569         | 1727         | 1712         | 1607         | 1512         | 1731         | 1474         | 1861         | 1567         | 1524         | 1812         |
| Carlow                                | 2190         | 2026         | 2196         | 2153         | 1925         | 2026         | 2348         | 1925         | 2375         | 1870         | 2144         | 1967         |
| Cork Fixed Centre                     | 422          | 331          | 262          | 235          | 270          | 281          | 399          | 243          | 298          | 338          | 279          | 314          |
| Cork Mobile                           | 2014         | 1617         | 1769         | 2221         | 1884         | 1766         | 2248         | 1751         | 1919         | 1946         | 1714         | 1860         |
| Limerick                              | 1573         | 1454         | 1351         | 1428         | 1275         | 1390         | 1488         | 999          | 1607         | 1485         | 1195         | 1324         |
| Tuam                                  | 1731         | 1287         | 1175         | 1486         | 1352         | 1101         | 1492         | 1198         | 1460         | 1220         | 1296         | 1423         |
| Mobile One                            | 2219         | 1874         | 2149         | 2055         | 1747         | 1608         | 2255         | 1777         | 1606         | 1704         | 1861         | 1874         |
| D'Olier Street                        | 2053         | 1725         | 1460         | 1523         | 1167         | 1412         | 1961         | 1377         | 1594         | 1547         | 1477         | 1614         |
| Stillorgan                            | 0            | 0            | 0            | 0            | 0            | 0            | 0            | 0            | 0            | 0            | 0            | 116          |
| <b>Total</b>                          | <b>14113</b> | <b>11883</b> | <b>12089</b> | <b>12813</b> | <b>11227</b> | <b>11096</b> | <b>13922</b> | <b>10744</b> | <b>12720</b> | <b>11677</b> | <b>11490</b> | <b>12304</b> |



| PLATELET DONATIONS |      |      |
|--------------------|------|------|
|                    | 2002 | 2003 |
| Attended           | 6010 | 6102 |
| Procured           | 5637 | 5706 |
| Deferred           | 373  | 396  |
| Deferral Rate      | 6.2% | 6.5% |



MONTHLY WHOLE BLOOD DONATIONS PROCURED

|              | Jan   | Feb   | March | April | May   | June  | July  | Aug   | Sept  | Oct   | Nov   | Dec   |
|--------------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|-------|
| <b>Total</b> | 14113 | 11883 | 12089 | 12813 | 11227 | 11096 | 13922 | 10744 | 12720 | 11677 | 11490 | 12304 |



## Donors Services National Activity

### Blood for Life Week

This was the third year of Blood for Life Week, which ran from 22nd – 28th September. The theme of the week was Be a Sport - Give Blood and in line with this theme we had the support of a number of well known Irish sports personalities, including Brian Kerr, Sonia O'Sullivan, and members of the Irish Rugby Squad past and present, Victor Costello, Peter Clohessy, Girvan Dempsey and Keith Gleeson. St Patrick's Athletic football club also gave us their support by helping with a clinic in Inchicore during the week. Blood for Life Week was also supported by Elastoplast and Ben & Jerry's ice cream.

Other promotions were held at Trinity College, UCD, Dublin Airport, Royal & Sun Alliance and at a number of Superquinn outlets.

Sharon Ni Bheolain continues to act as our Ambassador and this year, our special Ambassador was two and a half year old Eoghan O'Sullivan, who had a kidney transplant and needed a number of transfusions.

### Other Promotional Activities

The IBTS held a number of other blood donation awareness promotions at various events. Our first 3-day event was at the Young Scientist's Exhibition held

## Gníomhaíocht Náisiúnta na Seirbhísí Deontóra

### Seachtain na Fola don Bheatha

*Ba í seo an tríú bliain de Sheachtain na Fola don Bheatha, a reáchtáladh ón 22ú – 28ú Meán Fómhair. Ba é téama na seachtaine, Bí Spórtúil – Tabhair Fuil, agus ag teacht leis an téama, bhí tacaíocht againn ó roinnt de mhórphearsain spóirt na hÉireann, lena n-áirítear Brian Kerr, Sonia O'Sullivan agus baill, idir shean agus nua, de Scuid Rugbaí na hÉireann – Victor Costello, Peter Clohessy, Girvan Dempsey agus Keith Gleeson. Thug club sacair St. Patrick's Athletic tacaíocht dúinn i rith na seachtaine trí chuidiú le clinic in Inse Chóir. Thacaigh Elastoplast agus Ben & Jerry's Ice Cream, freisin, le Seachtain na Fola don Bheatha.*

*Bhí ócáidí bolscaireachta eile i gColáiste na Tríonóide, Co. Bhaile Átha Cliath, in Aerfort Bhaile Átha Cliath, i Royal & Sun Alliance agus roinnt siopaí de chuid Superquinn.*

*Tá Sharon Ní Bheoláin ag feidhmiú mar Ambasadóir dúinn i gcónaí, agus i mbliana bhí Eoghan O'Sullivan, atá dhá bhliain go leith d'aois, mar Ambasadóir speisialta againn.*

### Gníomhaíochtaí Bolscaireachta Eile

*D'eagraigh SFAÉ roinnt ócáidí bolscaireachta eile i dtaobh feasachta ag imeachtaí éagsúla. D'eagraíomar ár gcéadócáid 3 lá ag Taispeántas na nEolaithe Óga a reáchtáladh san RDS, agus rinne SFAÉ urraíocht ar dhuais ann.*

at the RDS where the IBTS sponsored a prize.

In September, the IBTS had an information stand at the National Ploughing Championships in Kinnegad, Co. Meath. More than 150,000 people attended the event over the three days.

Donor Services also held a clinic for staff and politicians at Buswells Hotel, adjacent to Leinster House in October.

## The Ferry Programme

The IBTS is grateful for the continued support of community groups and businesses. This support is through an initiative called the Ferry Programme. Employers give staff the opportunity to donate blood as a group from the workplace. Transport to and from the clinic is provided by the IBTS.

## Voluntary Donor Organisers

The organisation of clinics throughout the country is dependent to a huge extent on the work and support of Local Voluntary Organisers. The IBTS is grateful for the commitment and assistance of local voluntary organisers who play such an important role in guaranteeing the success of clinics in their area.

*I Meán Fómhair bhí seastán eolais ag SFAÉ ag na Craobhchomórtais Treafa Náisiúnta i gCionn Átha Gad, Co. na hIarmhí. D'fhreastail níos mó ná 150,000 duine ar an ócáid le linn na dtrí lá.*

*I mí Dheireadh Fómhair, freisin, bhí clinic ag Na Seirbhísí Deontóra don fhoireann agus do pholaiteoirí in Ostán Buswells gar do Theach Laighean.*

## An Clár Farantóireachta

*Tá SFAÉ buíoch do ghrúpaí pobail agus do lucht gnó as a dtacaíocht leanúnach. Cuirtear seo ar fáil tríd an tionscnamh ar a dtugaimid an Clár Farantóireachta. Tugann fostóirí an deis dá mbaill foirne fuil a dheonadh ón ionad oibre mar ghrúpa. Cuireann SFAÉ áis iompair ar fáil dóibh chuig an gclinic agus ar ais uaithi.*

## Eagraithe Deonacha na nDeontóirí

*Bíonn eagrú na gclinicí ar fud na tíre ag brath go han-mhór ar obair agus ar thacaíocht na nEagraithe Deonacha Áitiúla. Tá SFAÉ buíoch as tiomantas agus tacaíocht na n-eagraithe deonacha áitiúla a bhfuil ról fíorthábhachtach acu a chinntiú go mbíonn rath ar na clinicí ina gceantair.*

## Apheresis Clinic

Recruitment of platelet donors for the Apheresis Clinic at the NBC continued in 2003, with the panel reaching 1,200 by year end. The frequency of collection and improved technology also allowed us to increase the number of multiple donations, leading to an increase in platelet donations collected by apheresis during the year.

## Donor Awards Ceremonies

The Minister for Health and Children Micheál Martin presented one-hundred time donor awards to one hundred and ten blood donors at a donor awards presentation in Dublin in September 2003. Among those present were special guest Eoghan O'Sullivan, Carlow, accompanied by his parents Sean and Christine. Our ambassador Sharon Ní Bheoláin was also present at the donor awards presentation.

## Clinic Aifiríse

*Leanadh ag earcú deontóirí pláitíní don Chlinic Aifiríse san LNF i 2003, gur shroich an painéal beagnach 1,200 duine faoi dheireadh na bliana. Le minicíocht an bhallúcháin agus leis an teicneolaíocht fheabhsaithe, freisin, bhíomar in ann an líon ildeonachán a mhéadú agus, dá thoradh sin, méadaíodh líon na ndeonachán pláitíní a bailíodh trí aifirís i rith na bliana.*

## Searmanais na nDámhachtainí Deontóra

*Bhronn an tAire Sláinte agus Leanaí, Micheál Martin, dámhachtainí na ndeontóirí 100 uair ar chéad is a deich deontóir fola a bhí i láthair ag bronnadh dhámhachtainí na ndeontóirí i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2003. I measc na ndaoine a bhí i láthair bhí ár n-aoi speisialta Eoghan O'Sullivan as Ceatharlach, in éineacht lena thuismitheoirí, Seán agus Christine. Bhí ár n-ambasadóir Sharon Ní Bheoláin i lathair freisin ag bronnadh na ndámhachtainí deontóra.*



## Stillorgan Clinic

In December the IBTS opened a new fixed clinic in Dublin. The clinic in Stillorgan is an appointment driven clinic, allowing donors to select a time that suits them to make a donation. This Centre is a new initiative for the Irish Blood Transfusion Service, in so far as it is a fixed centre based in the community, aimed at facilitating donors in the South Dublin area. The IBTS continuously strives to provide a better service to its donors and given the ever increasing demands on people's time we have decided to meet that challenge by providing an appointment driven service at this clinic. This will reduce significantly the amount of time donors spend in the clinic from registration to post donation refreshments.

## Clinic Stigh Lorgan

*I mí na Nollag d'oscail SFAÉ clinic sheasta i mBaile Átha Cliath. Clinic choinnebhunaithe is ea an chlinic i Stigh Lorgan, a ligean do dheontóirí am a roghnú a oireann dóibh féin chun deonachán a thabhairt. Is tionscnamh nua de chuid Sheirbhís Fulaistriúcháin na hÉireann é an tIonad seo, sa mhéid gurb ionad seasta é atá bunaithe sa phobal agus dírithe ar dheontóirí i ndeisceart Bhaile Átha Cliath. Cuireann SFAÉ roimpi i gcónaí seirbhís níos feara a sholáthar dá deontóirí agus, ós rud é go mbionn na héilimh ar am daoine ag siormhéadú, tá sé beartaithe againn an dúshlán a shárú trí sheirbhís choinnebhunaithe a sholáthar sa chlinic seo. Laghdóidh sé go mór an méid ama a chaitheann deontóirí sa chlinic, ón am clárúcháin go dtí an tráth bia is dí i ndiaidh an deonacháin.*



## Neonatal Collections

Only a small proportion of people are suitable to donate blood for unborn and new born babies and the collection of blood for this group has always been a very high priority for the IBTS. The shelf life of blood for neonatals is just 5 days, so we have to collect it on a daily basis.

Since mid-2003 we have improved our working practices to ensure that we make even better use of this limited supply. We now ask these donors to commit in advance to a specific day and where possible, to donate regularly every three months. In this way we can ensure that we meet hospital demand. The response from this special group of donors has been very positive and many will now phone in and ask to be booked in for a neonatal donation. We have also found that by targeting donors in advance we have a much higher success rate, with more than 77% of targeted donors attending when requested.



## Bailiúcháin Nuabheireatais

*Níl ach codán beag daoine ann atá oiriúnach chun fuil a dheonú do leanaí neamhbheirthe nó nuabheirthe, agus bhí bailiú na fola don ghrúpa seo ina thosaíocht an-ard ag SFAÉ i gcónaí. Bíonn saol 5 lá, go díreach, ag fuil do leanaí nuabheirthe agus, mar sin de, bíonn orainn í a bhailiú ar bhonn laethúil.*

*Ó lár 2003, tá feabhas curtha ar ár gcleachtais oibre againn, d'fhonn leas níos fearr fós a bhaint as an soláthar teoranta seo. Táimid anois ag iarraidh ar dheontóirí cinneadh a dhéanamh roimh ré faoi lá ar leith agus, más féidir, deonadh a dhéanamh gach trí mhí. Sa tslí seo cinnteoidimid go mbeidh freastal á dhéanamh ar éileamh na n-ospidéal. Bhí freagairt an-dearfach ón sainghrúpa deontóirí seo agus tá cuid mhór acu ag beartú glao gutháin chun coinne a dhéanamh le deonachán nuabheireatais a thabhairt. Tá faighte amach againn, freisin, go mbíonn an ráta ratha níos fearr má shainaimisítear na deontóirí roimh ré, ós rud é go dtagann níos mó ná 77% de na deontóirí sainaimisithe isteach ag an am a iarrtar.*

## Donor Services Regional Activities

## Imeachtaí Réigiúnacha na Seirbhísí Deontóra

### Carlow Centre

The Carlow Centre has a staff of 33 and organises and operates mobile blood donation clinics in the Southeast region covering counties Carlow, Kilkenny, Waterford, Wexford, Wicklow, Kildare, Laois and Offaly. The centre moved to new premises in November 2003.


During the year, the Carlow Centre organised donor awareness promotions at both Carlow and Waterford Institutes of Technology. Public information stands were also in place at Superquinn stores in Carlow and Kilkenny during Blood for Life week. Additional leaflet drops were arranged in the larger towns in the region. Staff in the Carlow Centre also liaise closely with local clubs such as the GAA, soccer, ICA, and promote clinics through Parish Newsletters, schools and doctors surgeries as a means of improving donor awareness.

### Ionad Cheatharlach

Tá foireann de 33 duine in Ionad Cheatharlach, agus eagraíonn agus feidhmíonn siad clinicí fuildeonacháin soghluaiste i réigiún den Oirdheiscirt a chlúdaíonn contaetha Cheatharlach, Chill Chainnigh, Phort Láirge, Loch Garman, Chill Mhantáin, Laoise agus Uíbh Fhailí. D'aistrigh an t-ionad go háitreabh nua i Samhain 2003.

I rith na bliana, d'eagraigh Ionad Cheatharlach ócáidí bolscaireachta maidir le feasacht deontóra in Institiúidí Teicneolaíochta Cheatharlach agus Phort Láirge. Socraíodh seastáin eolais phoiblí, freisin, i stórais Superquinn Cheatharlach agus Chill Chainnigh le linn Sheachtain na Fola don Bheatha.

Rinneadh tuilleadh bileog a sheachadadh sna bailte móra sa réigiún.



| CARLOW CENTRE |       |
|---------------|-------|
| Attended      | 30026 |
| Procured      | 25145 |
| Deferred      | 4833  |
| New Donors    | 3493  |

## Donor Awards Ceremony

The South East region donor awards ceremony was in April in the Seven Oaks Hotel, Carlow. A total of 126 donors received their gold drops as 50 time donors and one donor received a porcelain pelican for 100 donations. The awards were presented by well known trainer and ex-jockey Mr. Ted Walsh.

*Bionn an fhoireann in Ionad Ceatharlach i ndlútheadhall, freisin, le clubanna áitiúla mar an CLG, an club sacair, Bantracht naTuaithe, Nuachtlitreacha Paróiste, scoileanna agus seomraí comhairle dochtúra, chun an fheasacht deontóra a fheabhsú.*

## Searmanas na nDámhachtainí Deontóra

*I mí Aibreáin reáchtáladh searmanas na ndámhachtainí deontóra do réigiún an Oirdheiscirt in Ostán Seven Oaks, Ceatharlach. Fuair 126 deontóir in iomlán a mbraonta órga mar dheontóirí 50 uair agus fuair deontóir amháin peileacán porcealláin as 100 deonachán a dhéanamh. Bhronn Ted Walsh, traenálaí agus iarmharcach iomráiteach, na dámhachtainí.*


## Tuam Centre

The IBTS Centre in Tuam has a staff of 25 and organises and operates mobile blood donation clinics in Galway, Mayo, Longford, Roscommon and Westmeath.

During Blood for Life Week the Tuam Centre organised information stands in Tesco's in Ballina and in Athlone to promote awareness about blood donation.

Staff in the Tuam Centre work closely with local churches, surgeries, shops, factory/businesses and also use door to door leaflet drops to encourage donors.

The Tuam Centre uses email to publicise specific clinic times and venues with the cooperation of a number of companies and at third level colleges, the Tuam Centre promotes clinics via the internet, so that any student accessing the internet will automatically receive a billboard and clinic details on it.



## Ionad Thuama

Tá foireann 25 duine in Ionad SFAÉ Thuama, agus eagraíonn agus feidhmíonn siad clinicí fuildeonacháin soghluaiste i nGaillimh, Maigh Eo, Longfort, Ros Comáin agus san Iarmhí.

Le linn Sheachtain na Fola don Bheatha d'eagraigh Ionad Thuama seastáin eolais i siopa Tesco i mBéal an Átha agus in Áth Luain chun an fheasacht faoin deonadh fola a chothú.

Oibríonn an fhoireann in Ionad Thuama go dlúth leis na heaglaisí, seomraí comhairle dochtúra, siopaí, monarchana / gnóthaí, agus baineann siad úsáid as seachadadh bileog ó dhoras go doras chun deontóirí a spreagadh.

Baineann Ionad Thuama úsáid as an r-phost chun sainuairéanta agus láithreacha clinicí a fhógairt i gcomhar le roinnt comhlachtaí agus, i gcoláistí tríú léibhéal, cuireann Ionad Thuama na clinicí chun cinn tríd an idirlíon, i dtreo is go bhfaigheann gach mac léinn a dhéanann rochtain ar an idirlíon clár na bhfógraí le sonraí clinice, go huathoibríoch

| TUAM CENTRE  |       |
|--------------|-------|
| ■ Attended   | 21253 |
| ■ Procured   | 16221 |
| ■ Deferred   | 5080  |
| ■ New Donors | 2984  |



## Cork Centre


The Cork Centre has a fixed clinic located at St Finbarr's Hospital and also organises mobile clinics in Cork, Kerry, South Tipperary and West Waterford. Staff in Cork organised an information stand at the Adult Education Exhibition held over 3 days. In 2003, staff also ran information stands to promote donor awareness at company premises, where a community clinic was located nearby. Staff also organised information stands at University College Cork and at Cork Institute of Technology.

The IBTS in Cork participated in programmes of activity for health awareness weeks in a number of companies.

## Ionad Chorcaí

Tá clinic sheasta ag Ionad Chorcaí atá lonnaithe in Ospidéal Nmh. Fionnbara agus eagraíonn sé, freisin, clinicí soghluaiste i gcondaetha Chorcaí, Chiarraí, Thiobraid Árann Theas agus in Iarthar Phort Láirge. D'eagraigh foireann Chorcaí seastán eolais ag an Taispeántas Aosoideachais a mhair 3 lá. Reáchtáil an fhoireann seastáin eolais chun feasacht deontóra a mhéadú in áitribh na gcomhlachtaí, má bhíonn clinic pobail lonnaithe i ngar dóibh. Eagraíonn an fhoireann seastáin eolais, freisin, i gColáiste Ollscoile Chorcaí agus in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Bhí SFAÉ páirteach i gclár gníomhaíochtaí a bhain le seachtain feasachta faoi chúrsaí sláinte i roinnt comhlachtaí.



| CORK CENTRE |       |
|-------------|-------|
| Attended    | 32719 |
| Procured    | 26381 |
| Deferred    | 6338  |
| New Donors  | 4085  |

### Donor Awards Ceremony

The donor awards ceremony launched Blood for Life Week in Munster on 21st September. Two donors received 100 time awards and 101 donors were presented with the gold drop for 50 donations.

### Searmanas na nDámhachtainí Deontóra

Tosaíodh Seachtain na Fola don Bheatha sa Mhumhain ar an 21ú Meán Fómhair le searmanas na ndámhachtainí deontóra. Fuair beirt dheontóirí dámhachtainí 100 uair agus bronnadh an braon órga ar 101 deontóir as 50 deonachán a dhéanamh.



## Fixed Clinics in Dublin

The IBTS has two fixed clinics in Dublin, one in D'Olier Street and a new clinic in Stillorgan which opened in December.

## Limerick Centre

A new Area Organiser was appointed for the Limerick Centre in April 2003. During Blood for Life Week, staff at the Limerick Centre ran information stands at Dell, O2 and Superquinn in Castletroy.

The Limerick Centre also held a clinic at Aughinish Alumina for the first time in a number of years.


## Clinicí Seasta i mBaile Átha Cliath

Tá dhá chlinic sheasta ag SFAÉ i mBaile Átha Cliath, ceann i Sráid D'Olier agus clinic nua i Stigh Lorgan a osclaíodh i mí na Nollag.

## Aonad Luimnigh

Ceapadh Eagraí Ceantair nua in Ionad Luimnigh in Aibreán 2003. Le linn Sheachtain na Fola don Bheatha, reáchtáil an fhoireann in Ionad Luimnigh seastáin eolais ag Dell, O2 agus Superquinn i gCaladh an Treoigh.

Bhí clinic, freisin, ag Ionad Luimnigh in Aughinish Alumina don chéad uair le roinnt blianta.



| LIMERICK CENTRE |       |
|-----------------|-------|
| Attended        | 20760 |
| Procured        | 16569 |
| Deferred        | 4191  |
| New Donors      | 2327  |

## Ardee Centre

The IBTS Centre in Ardee, County Louth organises and runs clinics in the North East, including Meath, Louth, Cavan and Monaghan.

### Donor Awards Ceremony

The donor awards ceremony in the North East was held on Sunday 18th May 2003 in the Headfort Arms Hotel, Kells, Co. Meath. There were ninety eight 50 times and three 100 times donors presented with their awards by IBTS Board member, Ms. Valerie Mannix.

In its drive to attract new and former donors, the Ardee Centre utilises local voluntary organisers to put up posters and in some instances distribute leaflets and contact local clergy. The Centre sends out letters to parents via primary schools and Ardee staff also maintain a companies/public bodies e-mail database


## Ionad Bhaile Átha Fhirdhia

Eagraíonn agus reáchtálann Ionad SFAÉ i mBaile Átha Fhirdhia, Co. Lú, clinicí san Oirthuaisceart, lena n-áirítear contaetha na Mí, Lú, an Chabháin agus Muineacháin.

### Searmanas na nDámhachtainí Deontóra

Reáchtáladh searmanas na ndámhachtainí deontóra san Oirthuaisceart Dé Domhnaigh an 18ú Bealtaine 2003 in Ostán Headfort Arms, Ceanannas, Co. na Mí. Bhronn comhalta Boird ón SFAÉ, Ms. Valerie Mannix, dámhachtainí ar 98 deontóir 50 uair agus 3 dheontóir 100 uair.

D'fhonn deontóirí nua agus seandeontóirí a mhealladh, baineann Ionad Bhaile Átha Fhirdhia úsáid as eagraithe deonacha áitiúla chun postaeir a chrochadh agus, i gcásanna áirithe, bileoga a scaipeadh agus teagmháil a dhéanamh leis an gcléir áitiúil. Cuireann an tIonad



| ARDEE CENTRE |       |
|--------------|-------|
| Attended     | 26226 |
| Procured     | 20007 |
| Deferred     | 6219  |
| New Donors   | 3357  |

for each clinic area and e-mail them in advance of clinics.

Community Diary on Local Radio is also used in most areas to gain awareness.

### **Blood for Life Week**

Staff at the Ardee Centre distributed leaflets at the Shopping Centre in Monaghan town on 22nd, 23rd and 24th of September.

*litreacha chuig tuismitheoirí trí na bunscoileanna, agus coinníonn foireann Bhaile Átha Fhirdhia bunachar sonraí i dtaobh r-phoist na gcuideachtaí/ comhlachtaí poiblí i ngach ceantar clinice agus cuireann siad eolas chucu ar r-phost roimh chlinici.*

*Úsáidtear Dialann Pobail an Raidió Áitiúil i mbunús na gceantar, freisin, chun feasacht a chothú.*

### ***Seachtain na Fola don Bheatha***

*Scaip baill foirne ó Ionad Bhaile Átha Fhirdhia bileoga ag an Lárionad Siopadóireachta i mbaile Mhuineacháin ar an 22ú, 23ú agus 24ú Meán Fómhair.*



“TESTS ARE PERFORMED USING AUTOMATED EQUIPMENT AND TRACKED BY THE UNIQUE BARCODE NUMBER ASSIGNED TO EACH DONATION”

## PROCESSING AND TESTING

### PRÓISEÁIL AGUS TÁSTÁIL

DÉANTAR NA TÁSTÁLACHA SEO LE FEARAS UATHOIBRÍOCH AGUS AIMSÍTEAR IAD TRÍD AN UIMHIR UATHÚIL BARRACHÓID A SHANNAÍTEAR DO GACH DEONACHÁN.

## Processing and Testing

## Próiseáil agus Tástáil

When a person is accepted as a blood donor, a blood donation (470mls) is taken and a number of small blood samples are also collected for testing purposes only. The blood donation is processed in our components laboratory and the following therapeutic products are prepared - red cells, platelets, and plasma. The samples for testing are also sent to our laboratories at the same time. One sample is tested in our grouping laboratory to determine the ABO blood group and rhesus type. The second is sent to the virology laboratory and tested for presence of specific viral markers such as Hepatitis C and syphilis and the third sample is sent to the Scottish National Blood Transfusion Service for an additional safety test called Nucleic Acid Test (NAT) or Polymerase Chain Reaction (PCR) for Hepatitis C and HIV.

In 2003, testing carried out by the IBTS included:

- Hepatitis B virus
- Human Immunodeficiency Virus,
- Cytomegalovirus,
- Hepatitis C,
- Human T Lymphocyte Virus
- Syphilis

These tests are performed using automated equipment and tracked by the unique barcode number assigned to each donation. The results are then transmitted to

*Nuair a ghlactar le duine mar dheontóir fola, glactar a d(h)eonachán fola (470ml.) agus bailítear roinnt mionsamplaí fola chomh maith, chun críche tástála amháin. Déantar an deonachán fola a phróiseáil inár saotharlann comhpháirteanna agus ullmhaítear inti na táirgí teiripeacha – cealla dearga, pláitíní, agus plasma. Cuirtear na samplaí atá le tástáil chuig an tsaotharlann ag an am céanna. Tástáiltear sampla amháin inár saotharlann grúpála chun an fuilghrúpa ABO agus an tíopa rhesus a chinneadh. Cuirtear an dara ceann chuig an tsaotharlann víreolaíochta agus tástáiltear ansiúd é chun sainmharcóirí víreasacha mar Heipítíteas C agus Sífilis a aimsiú, agus cuirtear an tríú sampla chuig Seirbhís Fuilistriúcháin na hAlban chun tástáil sábháilteachta breise a dhéanamh ar a dtugtar Tástáil Aigéid Núicléasaigh (TAN), nó Frithghníomh Slabhrach Polymerase (FSP) do Heipítíteas C agus VEID.*

*I 2003, chuimsigh an tástáil a rinne SFAÉ:*

- Víreas Heipítitis B
- Víreas Easpa Imdhíonachta Dhaonna (VEID)
- Cítímeigilivíreas
- Heipítíteas C
- Víreas Daonna T Limficíte
- agus, freisin, tástáil le haghaidh Sífilise.

*Déantar na tástálacha seo le fearas uathobríoch agus aimsítear iad tríd an uimhir uathúil barrachóid a*

the mainframe computer where all the details and test results are collated. A similar procedure is used on the sample collected for blood grouping and rhesus typing. The results on the third sample are electronically transmitted from the Scottish Blood Transfusion Service to the IBTS within 24 hours.

Each time a donation is accepted the above regime of testing is carried out. This results in five separate virology screens; one for syphilis, two NAT screens, ABO blood group and rhesus type, and a number of crosschecks including checks against previous test results of donor if appropriate. On completion of testing and processing each component unit undergoes a visual inspection. The barcode on the unit is scanned and if all the tests are complete and satisfactory results obtained, the unit is then labelled and cleared for issue.

As blood has a limited life span outside the body, it is important that it be available to hospitals for transfusion as soon as possible after collection. The procedures operated by the IBTS ensure that donations can be issued to hospitals within 48 hours of collection. Red cells are stored at 4°C and have a shelf life of 35 days and platelets are stored at 22°C and have a shelf life of 5 days.

*shannaítear do gach deonachán. Tarchuirtear na torthaí ansin chuig an ríomhaire príomhfhóráma, mar a dhéantar na sonraí uile agus torthaí na dtástálacha a chomhthiomsú. Baintear úsáid as cur chuige den chineál céanna i gcás an tsampla a bhailítear chun grúpáil fola agus tíopáil rhesus a dhéanamh. Tarchuirtear na torthaí ó Sheirbhís Fuilaidriúcháin na hAlban laistigh de 24 uaire.*

*Gach uair a ghlactar le deonachán cuirtear an córas tástála thuas i bhfeidhm. Dá thoradhsan, déantar cúig scagthástáil víreolaíochta ar leith; ceann do shifilis, dhá scagthástáil TAN, ceann don fhuilghrúpa ABO agus tíopa rhesus, agus roinnt tras-seiceálacha, lena n-áirítear seiceáil ar sheantorthaí tástála an deontóra, más cuí.*

*Nuair a bhíonn an tástáil agus an phróiseáil críochnaithe cuirtear gach aonad comhpháirteach faoi scrúdú súile.*

*Breathnaítear an barrachód ar an aonad agus más léir gur críochnaíodh gach tástáil agus go bhfuil na torthaí sásúil, cuirtear lipéad ar an aonad agus glantar é le haghaidh eisiúna.*

*Ós rud é go bhfuil saol teoranta ag fuil lasmuigh den choirp, tá sé tábhachtach go gcuirtear ar fáil d'ospidéal le haghaidh fuilaidriúcháin í a luaithe is féidir tar éis í a bailiú. Cinntíonn gnáthaimh SFAÉ gur féidir deonacháin a eisiúint d'ospidéal laistigh de 48 uaire tar éis í a bhailiú. Stóráiltear cealla dearga ag 4°C agus bíonn saol 35 lá acu; stóráiltear pláitíní ag 22°C agus bíonn saol 5 lá acusan.*



## Laboratories

The routine testing of units for further red cell antigen types for the Rhesus and Kell systems is continuing and Jka /Jkb testing was introduced during the later half of 2003. A further initiative for 2004 will see an increase in the number of antigens routinely typed and S typing will commence in the first half of the year. The introduction of Progesa has made a major contribution to the selection and management of phenotyped units.

The building and fit out of the Nucleic Acid Testing laboratory at the NBC in Dublin is complete and validation of the facility and process is underway. This facility will be used to develop and implement molecular technology in blood screening and/or viral detection. Initially, NAT testing will be for HCV and HIV- 1 and as molecular technologies evolve, introduction of molecular screening for other agents will follow.

The National Tissue Typing Reference Laboratory (NTTRL) had another record year for the number of samples submitted, with an increase of 12% on 2002. The introduction of Class 1 HLA molecular typing took place in July 2003 and augmented the HLA Class II high resolution molecular typing currently provided. All tissue typing is now performed at the molecular

## Saotharlanna

*Tá gnátástáil aonad ar siúl i gcónaí d'fhonn breis tíopaí antaigin na gcealla dearga a shainiú do na córais Rhesus agus Kell, agus tionscnaíodh tástáil JKa/JKb le linn an leith dheiridh de 2003. I dtionscnamh nua i 2004, méadófar líon na n-antaiginí atá le tíopáil mar ghnáthnós agus tosóidh S-tíopáil sa chéad leath den bhliain. Chuir tionscnamh Progesa go mór le roghnú agus le bainistiú na n-aonad feinethiopa.*

*Tá críoch curtha le tógáil agus feistiú na saotharlainne ag an LNF i mBaile Átha Cliath le haghaidh Thástáil Aigéid Núicléasaigh, agus tá bailíocht na háise agus an phróisis á ndearbhú faoi láthair. Úsáidfean an áis chun teicneolaíocht mhóilíneach a fhorbairt agus a úsáid i scagthástáil fola agus/nó i mbrath víris. Mar chéad chéim déanfar tástáil TAN le haghaidh VHC agus VEID-1 agus, de réir mar a fhabhraíonn na teicneolaíochtaí móilíneacha, cuirfean tús le scagthástáil mhóilíneach le haghaidh gníomhaithe eile.*

*Ba bhuaicbhliain eile í seo ag SNTTF ó thaobh líon na samplaí a cuireadh isteach, óir bhí méadú 12% ann ar líon 2002. Tionscnaíodh sainiú tíopaí móilíneacha Rang 1 ALD in Iúil 2003 agus chuir sin leis an tíopáil mhóilíneach ardsóilíre Rang 11 ALD atá ar fáil faoi láthair. Déantar gach tíopáil fíocháin anois ag an leibhéal móilíneach agus cuirfean seirbhís chuimsitheach náisiúnta ar fáil, dá*

level and provides a comprehensive national service for the Unrelated Bone Marrow Registry, Bone Marrow transplantation programmes and disease association studies.

*réir, do Chlárlann na Smeara Neamhghaolmhair, do chláir Smioraistriúcháin agus do staidéir ar na comhcheangail idir galair.*



“ THE IBTS PROVIDES A  
24-HOUR SERVICE TO  
ALL HOSPITALS  
THROUGHOUT THE  
COUNTRY EVERY DAY  
OF THE YEAR ”

## HOSPITAL SERVICES

### SEIRBHÍSÍ OSPIDÉIL

SOLÁTHRAÍONN SFAÉ SEIRBHÍS 24 UAIRE AN  
CHLOIG DO NA HOSPIDÉIL UILE AR FUD NA TÍRE,  
GACH LÁ DEN BHLIAIN.

The Hospital Services Department of the IBTS continues to be the essential link in the distribution chain that ensures blood reaches the patients who need it under controlled temperature conditions. The main function of the Hospital Services Department is to provide safe and secure distribution of all products released for issue to hospitals. This means critical product management and the maintenance of accurate and comprehensive records of both received and issued blood, blood components and derivatives.

*Is í Roinn Seirbhísí Ospidéil an SFAÉ an príomhnasc leanúnach sa slabhra dáilíúcháin a chinntíonn go bhfaigheann na hothair an fhuil atá de dhíth orthu faoi chúinsí teochta rialaithe. Is príomhfheidhm de chuid Roinn na Seirbhísí Ospidéil í a shocrú go ndéantar dáiliú slán sábháilte ar gach táirge a scaoiltear chuig na hospidéal. Is ionann seo agus bainistiú criticiúil a dhéanamh ar tháirgí, agus taifid chruinn chuimsitheacha a choinneáil faoin bhfuil a fuarthas agus a eisíodh, agus faoi chomhpháirteanna agus dhíorthaigh fola.*

## BLOOD &amp; BLOOD PRODUCTS ISSUED

| Product                        | 2003       | 2002       |
|--------------------------------|------------|------------|
| Red Cells & Whole Blood        | 130,088    | 127,601    |
| Platelets – Therapeutic Doses  | 16,521     | 15,480     |
| Frozen Plasma                  | 414        | 4,153      |
| Octaplas                       | 21,757     | 19,403     |
| Cryoprecipitate                | 908        | 1,432      |
| Factor VIIA (xIU)              | 284,340    | 579,661    |
| Protein C (x IU)               | 87,500     | 87,000     |
| Anti Thrombin III (x IU)       | 14,500     | 53,000     |
| Factor VIII Recombinant (x IU) | 18,731,228 | 17,082,144 |
| Factor VIII Plasma             | -          | 2,082,500  |
| Von Willebrand Factor (x IU)   | 417,000    | 385,500    |
| Factor IX Recombinant (xIU)    | 10,198,390 | 11,180,310 |
| Prothromplex (x IU)            | 620,400    | 574,200    |
| Factor XIII                    | 7,250      | 6,750      |

The Hospital Services Department is responsible for monitoring stocks and blood products on an ongoing basis. The IBTS provides a 24-hour service to all hospitals throughout the country every day of the year.

## Tissue Banking

The Homograft Heart Valve Bank operate in a purpose built GMP clean room facility at the headquarters of the Irish Blood Transfusion Service on James's Street, Dublin 8. A quality management system is in place and the bank conforms to the standards of the European Eye Bank Association and the British Association of Tissue Banks.

## Eye Bank

The remit of the Eye Bank is to organise and administer an eye banking service throughout Ireland.

The Eye Bank accepts whole eye donations and supplies organ cultured corneas to ophthalmic surgeons throughout Ireland.

The ophthalmic director of the Eye Bank is Mr. P. Condon, M.Ch. FRCS FRCOphth and the medical director is Dr. William G. Murphy, MD, FRCPEdin, FRCPath. A Medical Advisory Group consisting of the corneal surgeons who receive tissue from the bank and

*Tá Roinn na Seirbhísí Ospidéal freagrach as monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar stoic agus ar tháirgí fola. Soláthraíonn SFAÉ seirbhís 24 uaire an chloig do na hospidéal uile ar fud na tíre, gach lá den bhliain.*

## Baincéireacht Fíocháin

*Feidhmíonn Banc Súl na hÉireann agus an Banc na gComhlaí Croí Hómanódúcháin in saináis íonghlan i gceannáras Sheirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann ar Shráid Sheamais, Baile Átha Cliath 8. Tá córas ardchaighdeáin bainistíochta i bhfeidhm agus cloíonn an banc leis na caighdeáin atá ag Banc Súl na hÉireann, Cumann Bhanc Súl na hEorpa agus Cumann Bhanc Fíocháin na Breataine.*

## Banc na Súl

*Is é an cúram atá ar Bhanc na Súl, seirbhís baincéireachta súl a eagrú agus a riaradh ar fud na hÉireann. Glacann Banc na Súl le deonacháin slánsúile agus soláthraíonn sé coirní orgánsaothraithe do mháinlianna oftalmacha ar fud na hÉireann.*

*Is é Mr. P. Condon, M.Ch. FRCS FRCOphth stiúthóir oftalmach Bhanc na Súl agus is é an Dr. William G. Murphy, MD, FRCPEdin, FRCPath an stiúthóir míochaine. Bíonn cruinnithe bliantúla ag an nGrúpa Comhairleach*

a representative from the Irish College of Ophthalmologists meet on an annual basis to review the standards of the bank and advise on any proposed changes.

During 2003, 92 corneal grafts were issued to surgeons throughout Ireland of which 49 were imported from the USA. This occurred as there were insufficient Irish donations to meet national demand. 22 scleral patches and 4 pieces of amnion tissue were also issued. Sclera is issued for eyelid reconstruction, enucleation and the implant of valves to treat glaucoma. Amnion is used to treat persistent epithelial defects.

## Homograft Heart Valve Bank

The Homograft Heart Valve Bank processes and cryopreserves human cardiovascular tissue donated for transplantation purposes. A Cardiothoracic advisory group under the chair of the Cardiothoracic Director, Mr. A.E. Wood meets on a regular basis to review the activities of the bank and ensure that it maintains and complies with international best practise. During 2003, thirty three valves were issued, 9 of which were imported, with the majority issued for children undergoing repair of congenital heart defects.

*Míochaine, comhdhéanta de na máinlianna coirneacha a ghlacann fíochán ón mbanc agus ionadaí ó Choláiste Oftailmeolaithe na hÉireann, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán an bhainc agus comhairle a thabhairt faoi na hathruithe a mholtar.*

*Le linn 2003, eisíodh 92 nódú coirneach do mháinlianna ar fud na hÉireann. Ollmhairíodh 49 acu seo ó SAM, toisc nach raibh dóthain deonachán Éireannach ar fáil don éileamh náisiúnta. Eisíodh 22 phaiste scléarach agus 4 pháiosa fíocháin aimnín, freisin. Eisítear scléara chun caipíní súile a athdhéanamh agus a sciolladh, agus chun comhlá a ionchlannú, mar chóireáil le haghaidh glácóma. Úsáidtear aimnín mar chóireáil d'éalanga buana eipitéiliacha.*

## **Banc na gComhláí Croí Hómanódúcháin**

*Próiseálann agus críochoamhnaíonn Banc na gComhláí Croí Hómanódúcháin an fíochán cardashoithíoch a dheonaítear le haghaidh aistriúcháin. Tagann grúpa comhairleach cardatóracsach le chéile go rialta faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Cardatóracsáigh, Mr. A. E. Wood, chun imeachtaí an bhainc a athbhreithniú, agus a chinntiú go gcoinníonn agus go gcomhlíonann sé an sárchleachtas idirnáisiúnta. Le linn 2003, eisíodh 33 chomhla, 9 gcinn acu a allmhairíodh, agus eisíodh a bhformhór do pháistí a raibh deisiúchán ar siúl ar éalanga croí comhbheirthe acu.*



“ THE SAFETY OF THESE PRODUCTS RELIES ON THE CONTROL OF THE SOURCE MATERIAL AT ALL STAGES INCLUDING MANUFACTURING, STORAGE, TRANSPORT AND ISSUE ”

## QUALITY ASSURANCE

### RATHÚ CAIGHDEÁN

BÍONN SÁBHÁILTEAGHT NA DTÁIRGÍ SEO AG BRATH AR RIALÚ AN BHUNÁBHAIR AG GACH CÉIM, LENA N-ÁIRÍTEAR DÉANTÚS, STÓRÁIL, IOMPAR AGUS EISIÚINT.

Attention to detail must be exercised in all aspects of the quality of blood components produced at the Irish Blood Transfusion Service to nurture public and professional confidence in the safety of blood products.

Blood products, derived from human blood have special features arising from the biological nature of the source material and as such, the safety of these products relies on the control of the source material at all stages including manufacturing, storage, transport and issue.

The quality of the blood components produced depends on the specified product requirements, and on the effectiveness of the quality management systems in place.

Quality is the responsibility of all persons involved in the IBTS working to assure this overarching quality objective is met.

The IBTS is regularly inspected by the IMB (Irish Medicines Board) as part of the its remit. During 2003, the IMB completed 7 GMP (Good Manufacturing Practice) inspections of the National Blood Centre, Munster Regional Transfusion Centre (MRTC) and Regional Centres. The outcome was satisfactory for all centres, with the exception of the MRTC where, major non-conformances were cited in the area of Quality

*Is gá faire ar shonraí i gcás gach gné de chaighdeán na gcomhphárteanna fola a tháirgtear i Seirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann, d'fhonn muinín an phobail agus na ngairmithe a chothú i leith shábháilteacht na dtáirgí fola.*

*Tá gnéithe speisialta ag táirgí fola a fhaightear ón bhfuil dhaonna, a éiríonn as nádúr bitheolaíoch an bhunábhair agus, mar sin de, bíonn sábháilteacht na dtáirgí seo ag brath ar rialú an bhunábhair ag gach céim, lena n-áirítear déantús, stóráil, iompar agus eisiúint.*

*Brathann caighdeán na gcomhphárteanna fola a tháirgtear ar na sainriachtanais táirge, agus ar éifeacht na gcóras bainistíochta caigheáin atá i bhfeidhm. Tá gach duine atá páirteach in oibriú SFAÉ freagrach as na caighdeáin a chinnteoidh go n-aimseofar an forchuspóir caighdeáin seo.*

*Déanann BME (Bord Míochaine na hÉireann) cigireacht rialta ar SFAÉ mar chuid dá chúram. Le linn 2003 rinne BMÉ 7 scrúdú DCD (Dea-Chleachtas Déantúis) ar an Lárionad Náisiúnta Fola, ar Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan (IARM) agus ar Ionaid Réigiúnacha. Bhí an toradh sásúil i ngach ionad, seachas in IARM, mar ar luadh neamh-comhfhreagracht mhór sna réimsí seo a leanas: Bainistiú Caighdeáin, Áitreabh, Pearsanra, Déantús agus Trealamh.*

*Chuathas i mbun gnímh láithreach faoi chúrsaí áitribh*



Management, Premises, Personnel, Manufacturing and Equipment.

Immediate action was undertaken with regard to the premises and equipment at the MRTC with a management group headed by the IBTS Chief Executive directing the work. An outline plan and budget was approved by the Board of the IBTS in December 2003 to address these major issues and subsequently presented to the IMB.

Progesa, the IBTS main computer software database was implemented during 2003, firstly in the MRTC in March 2003 and at the NBC in May 2003.

A number of significant validation programmes were undertaken during 2003, including the design and development of the NAT testing laboratory at the NBC. There were a total of 80 validation projects

*agus trealaimh in IARM, le grúpa bainistíochta faoi cheannas Phríomhfheidhmeannach SFAÉ ag stiúru na hoibre. I Nollaig 2003, d'fhaomhaigh Bord SFAÉ plean agus buiséad imlíneach chun aghaidh a thabhairt ar na mórcheisteanna seo, agus cuireadh an toradh faoi bhráid BMÉ ina dhiaidh sin.*

*Le linn 2003, feidhmíodh Progesa, príomhbhunachar sonraí ríomhaireachta SFAÉ, in IARM ar dtús i Márta 2003, agus sa LNF i mBealtaine 2003.*

*Tugadh faoi roinnt clár suntasach maidir le dearbhú bailíochta le linn 2003, lena n-áirítear dearadh agus forbairt na saortharlainne tástála TAN san LNF. Le linn 2003 tionscnaíodh 80 tionscadal bailíochta in iomlán, ar bhonn náisiúnta, agus críochnaíodh 80% acu faoi dheireadh na bliana.*

*Le linn 2003, rinne SFAÉ measúnú ar thionchar na*



initiated nationally during 2003 with an 80% completion rate by year-end.

The impact of the In-Vitro Diagnostic Directive (98/79/EC) was assessed by the IBTS during 2003. A number of testing technologies were subsequently identified as requiring replacement, two of these CMV and TPHA are targeted for 2004.

One of the most significant regulatory impacts for the IBTS during 2003, was the adoption by the European Union on January 27th 2003, of Directive 2002/98/EC on setting standards of quality and safety for the collection, testing, processing, storage and distribution of human blood and blood components. It is intended that this directive will be transposed into national legislation by February 2005. The IBTS will work towards ensuring compliance with this essential directive.

Monthly reports detailing QMS non-conformances, complaints, recalls and changes were compiled during the year. In excess of 1,100 changes were managed nationally under the QMS during 2003.

*Treorach Diagnóisi InVitro (98/79/EC). Sainithníodh, ina dhiaidh sin, go raibh roinnt áirithe teicneolaíochtaí tástála ann ar ghá iad a athrú, agus táthar chun diriú ar dhá cheann acu, CMV agus TPHA, i 2004.*

*Ceann de na tionchair rialaitheachta ba mhó ar SFAÉ le linn 2003 ab ea glacadh an Aontais Eorpaigh in Eanáir 2003, le Treoir 2002/98/EC maidir le caighdeáin cáilíochta agus sábháilteachta a cheapadh maidir le bailiú, tástáil, próiseáil, stóráil agus scaipeadh na fola daonna agus comhpháirteanna fola. Tá sé i gceist an treoir a aistriú isteach sa reachtaíocht náisiúnta faoi Fheabhra 2005. Beidh SFAÉ ag obair chun a chinntiú go gcomhlionfar an treoir riachtanach seo.*

*Cuireadh tuairiscí míosúla le chéile ag tabhairt sonraí faoi neamhchomhlíonadh QMS, gearáin, aisghairmeacha agus athruithe i rith na bliana. Bainistíodh níos mó ná 1,100 athrú ar bhonn náisiúnta faoin QMS le linn 2003.*



“THE MRTC COLLECTS,  
TESTS, PROCESSES AND  
DISTRIBUTES DONATIONS  
IN THE MUNSTER REGION”

**MUNSTER REGIONAL TRANSFUSION CENTRE**  
**IONAD AISTRIÚCHÁIN RÉIGIÚN NA MUMHAN**  
BAILÍONN, TÁSTÁLANN, PRÓISEÁLANN AGUS  
SCAIPEANN IARM NA DEONACHÁIN I RÉIGIÚN  
NA MUMHAN.

## Munster Regional Transfusion Centre


## Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan

The Munster Regional Transfusion Centre (MRTC) is based in Cork. The MRTC collects, tests, processes and distributes donations in the Munster Region. The Centre operates a fixed donor clinic as well as two mobile teams, one based in Cork, the other based in Limerick. These mobile teams collect donations in Cork, Kerry, West Waterford, Tipperary, Limerick and Clare.

The Platelet Apheresis Programme developed from a programme supporting bank holiday availability of platelets, to a regular programme in December 2003.

*Tá Ionad Aistriúcháin Réigiún na Mumhan (IARM) lonnaithe i gCorcaigh. Bailíonn, tástálann, próiseálann agus scaipeann IARM na deonacháin i Réigiún na Mumhan. Tá clinic deontóra sheasta á feidhmiú ag an Ionad, maraon le dhá fhoireann shoghluaiste, ceann acu i gCorcaigh, an ceann eile i Luimneach. Bailíonn na foirne soghluaiste seo na deonacháin i gcontaetha Chorcaí, Chiarraí, Iarthair Phort Láirge, Thiobraid Árinn, Luimnigh agus an Chláir.*

*Forbraíodh Clár Aifirise na bPláitíní ó chlár a chabhraigh le soláthar pláitíní ar shaorlaethanta bainc, go clár rialta i Nollaig 2003.*



| MRTC       |       |
|------------|-------|
| Attended   | 53479 |
| Procured   | 42950 |
| Deferred   | 10529 |
| New Donors | 6412  |

## Testing and Hospital Services

